

An Fear Sinséir

Naíonáin Mhóra

Foireann:

Fear	Madra
Bean	Eva
Fear sinséir	Cat
Caitlín	Kayla
Emma	Luchóg
Erica	Ally
Ellen	Abhainn
Ellie	Cillian
Bó	Tanya
Katie	Madra Rua
Capall	Joey
Hannah	

Radharc 1

Slua 1: (*ag canadh*)

Bhí fear is bean ann is bhí ocras orthu

ocras orthu, ocras orthu

Bhí fear is bean ann is bhí ocras orthu

Bhí siad réidh don tae!

Fear: Ba mhaith liom rud éigin deas le hithe.

Bean: Déanfaidh mise rud deas duit. Déanfaidh mé fear sinséir!

Fear: (*ag cuimilt a bhoilg*) Beidh sé sin go deas!

Slua 1: (*ag canadh*)

Bhuel, fuair sí an plúr, plúr, plúr

Agus bainne deas úr, úr, úr

Agus mheasc sí iad, iad, iad

Féach cad a rinne siad, siad, siad!

Fear sinséir: IS MISE AN FEAR SINSÉIR!

Caitlin: Bhí béal air.....

Fear sinséir: Is féidir liom labhairt.

Slua 1: Blah blah blah blah blah

Emma: Bhí dhá shúil air.....

Fear sinséir: Is féidir liom feiceáil.

Slua 1: (*lámha timpeall a súile*)

Erica: Bhí dhá lámh air....

Fear sinséir: Is féidir liom scríobh.

Slua 1: *(ag scríobh san aer)*

Ellen: Bhí dhá chos air...

Slua 1: Uh oh!

Fear sinséir: Is féidir liom rith!

Fear: Cá bhfuil an Fear Sinséir?

Bean: Rith sé amach an doras.

Fear: Rith sé amach an doras?

Bean: Tá sé ar ais arís.

Fear: Ah, is maith sin. Tá ocras ormsa.

Fear sinséir: Ní íosfaidh duine ar bith mise!

Fear sinséir: *(ag canadh)*

Is fear sinséir mé

Tá mé ag rith

Ní bhéarfaidh tú orm

Ar chor ar bith!

Slua 1: *(ag canadh)*

Is fear sinséir mé..... (x2)

Bean: Stop stop!

Fear: Stop stop!

Caitlin: Rith an fear ina dhiaidh.

Emma: Rith an bhean ina dhiaidh.

Slua 1: Rith sé agus rith sé agus rith sé.

(Slua 1 amach)

(Slua 2 isteach)

Slua 2: Lean an fear sinséir ar aghaidh ag rith. Bhí sé an-ghasta.

Ellie: Casadh an bhó air.

Bó: Múúúúú!

Tar anseo, tar anseo.

Fear sinséir: Ní íosfaidh tú mise!

Bó: Ach tá ocras ormsa!

Fear sinséir: Agus beidh ocras ort!

Fear sinséir: *(ag canadh)*

Is fear sinséir mé

Tá mé ag rith

Ní bhéarfaidh tú orm

Ar chor ar bith!

Slua 2: *(ag canadh)*

Is fear sinséir mé..... (x1)

Katie: Ansin casadh an capall air.

Capall: Clip clop...néighhh!

Hannah: Ansin casadh an madra air.

Madra: Bhuf bhuf!

Eva: Ansin casadh an cat air.

Cat: Míabha!

Kayla: Ansin casadh an luchóg air.

Luchóg: Scuíc scuíc!

Capall: Tar anseo, tar anseo, tá ocras ormsa!

Fear sinséir: Ní íosfaidh tú mise!

Madra: Ba mhaith liom tú a ithe!

Fear sinséir: Ní íosfaidh tú mise!

Cat: Tá cuma bhlasta ort!

Fear sinséir: Ní íosfaidh tú mise!

Luchóg: Mmm, tá ocras mór ormsa!

Fear sinséir: Ní íosfaidh sibh mise!

Slua 2: Agus rith se agus rith sé agus rith sé!

(ag canadh)

Is fear sinséir mé..... (x2)

(Slua 2 amach)

(An abhainn isteach)

Ally: Ansin, tháinig sé go dtí an abhainn.

Abhainn: *(ag canadh)*

Trasna na dtonnta (an curfá amháin x1)

Cillian: Ní raibh sé ábalta dul níos faide.

Abhainn: Stop stop...stop stop stop!

Tanya: Bhí an fear sinséir faoi bhrón.

Ally: Bhí na hainmhithe eile ag teacht níos cóngaraí dó.

Fear sinséir: Ó beidh deireadh liom anois!

Madra Rua: *(ag canadh)*

Is mé do chara is fearr

Is mé do chara is fearr

Má tá fadhb agat

Glaigh orm mar ó

Is mé do chara is fearr!

Madra Rua: Ná bí buartha. Tabharfaidh mise trasna thú!

Fear sinséir: Ó, go raibh maith agat!

Abhainn agus ainmhithe: (*ag canadh*)

Féach ar na cairde nua

Féach ar na cairde nua

An fear sinséir is an madra rua

Ó féach ar na cairde nua!

Madra: Ó tá sé imithe trasna!

Bó: Fuair an madra rua é.

Cat: Nil aon rud le hithe againn anois.

Bean: Déanfaidh mé fear sinséir nua.

Fear: GAN AON CHOSA!

Capall: An mbeidh dinnéar deas ag an madra rua!

Gach duine: (*ag canadh*)

Rinne bean fear sinséir

Le hithe tar éis an dinnéir

Ach rith sé leis go tapa

Amach an doras go dtí an geata

Bhuail sé le capall

Madra, cat agus bó

Bhí ocras orthu

ach d'éalaigh sé gan stró

Bhuail sé ansin le madra rua

Bhí siad ag caint mar chairde nua

Ach níl a fhios againn cad a tharla

Cá bhfuil an fear sinséir?

Cá bhfuil, cá bhfuil, cá bhfuil sé? (Buail bos x2)

Cá bhfuil, cá bhfuil, cá bhfuil sé? (Buail bos x2)

Cá bhfuil, cá bhfuil, cá bhfuil sé? (Buail bos x2)

Cá bhfuil an fear sinséir?

Caitlin: Cá bhfuil, cá bhfuil cá bhfuil sé?

Eva: Cá bhfuil, cá bhfuil cá bhfuil sé?

Erica: Cá bhfuil, cá bhfuil cá bhfuil sé?

Joey: CÁ BHFUIL AN FEAR SINSÉIR?

Fear sinséir: (ag canadh)

Is fear sinséir mé

Tá mé ag rith

Ní bhéarfaidh tú orm

Ar chor ar bith!

Gach duine: (ag canadh)

Is fear sinséir mé... (x1)